# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 6

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 66

9 Eanáir 2023


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/65 ón gCoimisiún an 6 Eanáir 2023 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648 lena n-údaraítear xilea-olagaishiúicrídí a chur ar an margadh mar bhia núíosach, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686 lena n-údaraítear leathnú úsáide i leith aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe mar bhia núíosach, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 lena n-údaraítear salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis a chur ar an margadh mar bhia núíosach** ([1]) ....... 1


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/65 ÓN gCOIMISIÚN

**an 6 Eanáir 2023**

**lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648 lena n-údaraítear xilea-olagaishiúicrídí a chur ar an margadh mar bhia núíosach, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686 lena n-údaraítear leathnú úsáide i leith aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe mar bhia núíosach, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 lena n-údaraítear salann sóidiam 3'-Siailiol-lachtóis a chur ar an margadh mar bhia núíosach**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagail 8 agus 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bhí an Coimisiún le liosta an Aontais de bhianna núíosacha a údaraíodh nó ar tugadh fógra ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a bhunú faoin 1 Eanáir 2018.

(2) Bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha a údaraíodh nó ar tugadh fógra ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Tá earráidí sainaitheanta ag an gCoimisiún san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Tá gá le ceartuithe chun soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt d'oibreoirí gnó bia agus d'údaráis inniúla na mBallstát, agus ar an gcaoi sin áiritheofar go gcuirfear chun feidhme go cuí agus go n-úsáidfear go cuí liosta an Aontais de bhianna núíosacha.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair bia núíosacha (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686 ón gCoimisiún ([4]) cuireadh leathnú ina dhiaidh sin le coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh 'aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe', coinníollacha a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1632 ón gCoimisiún ([5]). I dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686, fágadh ar lár go hearráideach na línte lena scartar na catagóirí bia sonraithe agus na huasleibhéil údaraithe, rud a fhágann go bhfuil sé doiléir cé acu catagóir bhia a chomhfhreagraíonn do cé acu úsáid údaraithe. D'fhéadfadh sé sin mearbhall a chur ar údaráis forfheidhmithe agus ar oibreoirí gnó bia. Dá bhrí sin, is gá an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686 agus Tábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2017/2470 a cheartú.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 ón gCoimisiún ([6]) údaraíodh an bia núíosach salann sóidiam 3'-siailiol-lachtóis (foinse mhiocróbach)'. Na huasleibhéil a shonraítear don chatagóir bhia 'Táirgí bainnebhunaithe coipthe blaistithe, lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte', cuireadh go hearráideach iad leis an gcatagóir bhia 'Táirgí bainnebhunaithe coipthe neamhbhlaistithe', agus vice versa. Dá bhrí sin, is gá Tábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 agus Tábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2017/2470 a cheartú.

(6) Údaraíodh an bia núíosach 'Galachta-olagaishiúicríd' faoi choinníollacha úsáide áirithe de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97 . An fhoinse mhiocróbach '*Bacillus circulans*' den einsím 'β-galachtóisíodáis' a úsáidtear chun Galachta-olagaishiúicríd a tháirgeadh, cuireadh go hearráideach leis na sonraíochtaí í. Dá bhrí sin, ba cheart an fhoinse sin de β-galachtóisíodáis a bhaint den iontráil 'Galachta-olagaishiúicríd' i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648 ón gCoimisiún ([7]), údaraíodh an bia núíosach 'Xilea-olagaishiúicríd' faoi choinníollacha áirithe úsáide, bunaithe ar thuairim fhabhrach ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir le sábháilteacht an bhia núíosaigh. I sonraíochtaí na foirme síoróipe de 'Xilea-olagaishiúicríd', go hearráideach ní raibh an paraiméadar 'ábhar tirim' sa cholún comhfhreagrach. Ceartaíodh an earráid sin i dtuairim eolaíoch athbhreithnithe ón Údarás ([8]). Dá bhrí sin, ba cheart na sonraíochtaí a bhaineann le 'Xilea-olagaishiúicríd' i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648 a cheartú dá réir.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 a cheartú dá réir.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceartaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

---

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2019 lena n-údaraítear leathnú úsáide i leith aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 258, 9.10.2019, lch. 13).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1632 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2018 lena n-údaraítear aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún, (IO L 272, 31.10.2018, lch. 23).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2021 lena n-údaraítear salann sóidiam 3'-siailiol-lachtóis a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 31, 29.1.2021, lch. 201).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2018 lena n-údaraítear xilea-olagaishiúicrídí a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 275, 6.11.2018, lch. 1).

([8]) EFSA Journal [Iris EPSA], 2018;16(7):5361.

*Airteagal 2*

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686 i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96 i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470**

Ceartaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála “Aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe”:

| “Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais shonracha bhreise lipéadaithe | Ceanglais eile | Cosaint Sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe** | *Catagóir bhia shonraithe* | *Uasleibhéil* | Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é “Aonraíoch próitéine meidhg bainne” a bheidh air.<br>Maidir le forbhianna ina bhfuil aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe, beidh an ráiteas seo a leanas orthu:<br>“Níor cheart do naíonáin/leanaí/déagóirí faoi bhun aon bhliain/trí bliana/ocht mbliana d’aois (*) an forbhia seo a thomhailt”<br>(*) De réir an aoisghrúpa a bhfuil an forbhia beartaithe dó. | | Údaraithe an 20 Samhain 2018. Is ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe. Iarratasóir: Armor Protéines S.A.S., 19 bis, rue de la Libération 35460 Saint-Brice-en-Coglès, an Fhrainc. Is é Armor Protéines S.A.S. amháin atá údaraithe chun an bia núíosach aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh ná do na sonraí eolaíocha arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Armor Protéines S.A.S. Dáta deiridh na cosanta sonraí: 20 Samhain 2023.” |
| | Foirmlí do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 30 mg/100 g (púdar) | | | |
| | | 3,9 mg/100 mL (athdhéanta) | | | |
| | Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 30 mg/100 g (púdar) | | | |
| | | 4,2 mg/100 mL (athdhéanta) | | | |
| | Bianna ionadacha ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 300 mg/lá | | | |
| | Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 30 mg/100 g (bainne foirmle púdair do naíonáin le linn na chéad mhíonna den saol go dtí go dtabharfar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |
| | | 3,9 mg/100 mL (foirmle athdhéanta do naíonáin le linn na chéad mhíonna den saol go dtí go dtabharfar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |
| | | 30 mg/100 g (bainne foirmle púdair do naíonáin nuair a thugtar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4,2 mg/100 g (bainne foirmle athdhéanta do naíonáin nuair a thugtar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |
| | | 58 mg/lá do leanaí óga | | | |
| | | 380 mg/lá do leanaí agus do dhéagóirí idir 3 bliana agus 18 mbliana d'aois | | | |
| | | 610 mg/lá do dhaoine fásta | | | |
| | Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE | 25 mg/lá do naíonáin | | | |
| | | 58 mg/lá do leanaí óga | | | |
| | | 250 mg/lá do leanaí agus do dhéagóirí idir 3 bliana agus 18 mbliana d'aois | | | |
| | | 610 mg/lá do dhaoine fásta | | | |

(2) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála “salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis (3’-SL) (foinse mhiocróbach)”:

| “Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais shonracha bhreise lipéadaithe | Ceanglais eile | Cosaint Sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| **Salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis (3’-SL) (foinse mhiocróbach)** | *Catagóir bhia shonraithe* | *Uasleibhéil (arna sloinneadh mar 3’-Siailiol-lachtós)* | Is é “salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis” ainmniú an bhia núíosaigh ar lipéadú na n-earraí bia a bhfuil sé iontu.<br><br>Ar lipéadú forbhianna ina bhfuil salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis, beidh ráiteas ina luafar na cásanna nár cheart iad a thomhailt:<br>a) sa chás go dtomhlaítear bianna eile ina bhfuil salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis ar an lá céanna.<br>b) sa chás gur naíonáin agus leanaí óga atá ann | | Údaraithe an 18 Feabhra 2021. Is ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe.<br>Iarratasóir: Glycom A/S, Kogle Allé 4, DK-2970 Hørsholm, an Danmhairg. Is é Glycom A/S amháin atá údaraithe chun salann sóidiam 3’-siailiol-lachtóis a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh ná do na sonraí eolaíochta arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Glycom A/S.<br>Dáta deiridh na cosanta sonraí: 18 Feabhra 2026. |
| | Táirgí bainne paistéartha neamhbhlaistithe agus táirgí bainne steirilithe neamhbhlaistithe (lena n-áirítear UHT) | 0,25 g/L | | | |
| | Táirgí bainnebhunaithe coipthe neamhbhlaistithe | 0,25 g/L (deochanna) | | | |
| | | 0,5 g/kg (táirgí nach deochanna iad) | | | |
| | Táirgí bainnebhunaithe coipthe blaistithe lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte | 0,25 g/L (deochanna) | | | |
| | | 2,5 g/kg (táirgí nach deochanna iad) | | | |
| | Deochanna (deochanna blaistithe, seachas deochanna ar lú ná 5 an pH iontu) | 0,25 g/L | | | |
| | Barraí gránaigh | 2,5 g/kg | | | |
| | Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,2 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |
| | Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,15 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |
| | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,15 g/L (deochanna) sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1,25 g/kg le haghaidh táirgí nach deochanna iad | | | |
| | Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a bheartaítear do leanaí óga | 0,15 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |
| | Bianna ionadacha ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,5 g/L (deochanna)<br>5 g/kg (táirgí nach deochanna iad) | | | |
| | Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | I gcomhréir le riachtanais chothaitheacha shonracha na ndaoine a bhfuil na táirgí beartaithe dóibh | | | |
| | Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas forbhianna do naíonán agus do leanaí óga | 0,5 g/lá | | | |

(3) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "Galachta-olagaishiúicríd":

| | |
|---|---|
| "**Galachta-olagaishiúicríd** | **Tuairisc/Sainmhíniú:**<br>**Déantar Galachta-olagaishiúicríd a tháirgeadh ó lachtós bainne trí phróiseas einsímeach ag baint úsáide as β-galachtóisíodáisí ó Aspergillus oryzae, Bifidobacterium bifidum, Pichia pastoris, Sporobolomyces singularis, Kluyveromyces lactis agus Papiliotrema terrestris.**<br>GOS: íoschion 46 % Ábhar Tirim (DM)<br>Lachtós: uaschion 40 % DM<br>Glúcós: uaschion 22 % DM<br>Galachtós: íoschion 0,8 % DM<br>Luaith: uaschion 4,0 % DM<br>Próitéin: uaschion 4,5 % DM<br>Nítrít: uasmhéid 2 mg/kg" |

(4) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála “Xilea-olagaishiúicríd”:

| Bia núíosach údaraithe | Sonraíocht |
|---|---|
| “**Xilea-olagaishiúicrídí** | **Tuairisc:**<br>Is meascán de xilea-olagaishiúicrídí (XOS) é an bia núíosach, ar nithe iad a fhaightear ó choba arbhair Indiaigh (*Zea mays* subsp. *mays*) trí hidrealú le xiolanáis ó *Trichoderma reesei* agus próiseas íonúcháin ina dhiaidh sin.<br>**Saintréithe/Comhdhéanamh:** |

| **Paraiméadar** | **Foirm phúdrach 1** | **Foirm phúdrach 2** | **Foirm shíoróipe** |
|---|---|---|---|
| Taisleach (%) | ≤ 5,0 | ≤ 5,0 | - |
| Ábhar tirim (%) | - | - | 70-75 |
| Próitéin (g/100 g) | < 0,2 | | |
| Luaith (%) | ≤ 0,3 | | |
| pH | 3,5-5,0 | | |
| Cion iomlán carbaihiodráite (g/100 g) | ≥ 97 | ≥ 95 | ≥ 70 |
| Cionn XOS (bonn tirim) (g/100 g) | ≥ 95 | ≥ 70 | ≥ 70 |
| Carbaihiodráití eile (g/100 g)[a] | 2,5-7,5 | 2-16 | 1,5-31,5 |
| Iomlán na monaisiúicrídí (g/100 g) | 0-4,5 | 0-13 | 0-29 |
| Glúcós (g/100 g) | 0-2 | 0-5 | 0-4 |
| Araibionós (g/100 g) | 0-1,5 | 0-3 | 0-10 |
| Xiolós (g/100 g) | 0-1,0 | 0-5 | 0-15 |
| Iomlán na ndéshiúicrídí (g/100 g) | 27,5-48 | 25-43 | 26,5-42,5 |
| Xilidhé-ós (XOS DP2) (g/100 g) | 25-45 | 23-40 | 25-40 |
| Ceallaidhé-ós (g/100 g) | 2,5-3 | 2-3 | 1,5-2,5 |
| Iomlán na n-olagaishiúicrídí (g/100 g) | 41-77 | 36-72 | 32-71 |
| xilithríós (XOS DP3) (g/100 g) | 27-35 | 18-30 | 18-30 |
| xiliteatra-ós (XOS DP4) (g/100 g) | 10-20 | 10-20 | 8-20 |
| xilipeintea-ós (XOS DP5) (g/100 g) | 3-10 | 5-10 | 3-10 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | xiliheicsea-ós (XOS DP6) (g/100 g) | 1-5 | 1-5 | 1-5 |
| | Xiliheiptea-ós (XOS DP7) (g/100 g) | 0-7 | 2-7 | 2-6 |
| | Maltaideistrin (g/100 g)[b] | 0 | 20-25 | 0 |
| | Copar (mg/kg) | < 5,0 | | |
| | Luaidhe (mg/kg) | < 0,5 | | |
| | Arsanaic (mg/kg) | < 0,3 | | |
| | *Salmonella* (CFU[c]/25 g) | Diúltach | | |
| | *E. coli* (MPN[d]/100 g) | Diúltach | | |
| | Giosta (CFU/g) | < 10 | | |
| | Múscán (CFU/g) | < 10 | | |

[a] I measc na gcarbaihiodráití eile tá monaisiúicrídí (glúcós, xiolós agus araibionós) agus ceallaidhé-ós.
[B] Ríomhtar an cion maltaideistrine de réir an mhéid a cuireadh leis le linn an phróisis.
DP: Méid an pholaiméirithe
[c] CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta
[d] MPN: An Uimhir is Dóichí”

*IARSCRÍBHINN II*

**Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648**

I bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1648, i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh "Xilea-olagaishiúicrídí":

| Bia núíosach údaraithe | Sonraíocht |
|---|---|
| "**Xilea-olagaishiúicrídí** | **Tuairisc:**<br>Is meascán de xilea-olagaishiúicrídí (XOS) é an bia núíosach, ar nithe iad a fhaightear ó choba arbhair Indiaigh (*Zea mays* subsp. *mays*) trí hidrealú le xiolanáis ó *Trichoderma reesei* agus próiseas íonúcháin ina dhiaidh sin.<br>**Saintréithe/Comhdhéanamh:** |

| **Paraiméadar** | **Foirm phúdrach 1** | **Foirm phúdrach 2** | **Foirm shíoróipe** |
|---|---|---|---|
| Taisleach (%) | ≤ 5,0 | ≤ 5,0 | - |
| Ábhar tirim (%) | - | - | 70-75 |
| Próitéin (g/100 g) | < 0,2 | | |
| Luaith (%) | ≤ 0,3 | | |
| pH | 3,5-5,0 | | |
| Cion iomlán carbaihiodráite (g/100 g) | ≥ 97 | ≥ 95 | ≥ 70 |
| Cionn XOS (bonn tirim) (g/100 g) | ≥ 95 | ≥ 70 | ≥ 70 |
| Carbaihiodráití eile (g/100 g)[a] | 2,5-7,5 | 2-16 | 1,5-31,5 |
| Iomlán na monaisiúicrídí (g/100 g) | 0-4,5 | 0-13 | 0-29 |
| Glúcós (g/100 g) | 0-2 | 0-5 | 0-4 |
| Araibionós (g/100 g) | 0-1,5 | 0-3 | 0-10 |
| Xiolós (g/100 g) | 0-1,0 | 0-5 | 0-15 |
| Iomlán na ndéshiúicrídí (g/100 g) | 27,5-48 | 25-43 | 26,5-42,5 |
| Xilidhé-ós (XOS DP2) (g/100 g) | 25-45 | 23-40 | 25-40 |
| Ceallaidhé-ós (g/100 g) | 2,5-3 | 2-3 | 1,5-2,5 |
| Iomlán na n-olagaishiúicrídí (g/100 g) | 41-77 | 36-72 | 32-71 |
| xilithríós (XOS DP3) (g/100 g) | 27-35 | 18-30 | 18-30 |
| xiliteatra-ós (XOS DP4) (g/100 g) | 10-20 | 10-20 | 8-20 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | xilipeintea-ós (XOS DP5) (g/100 g) | 3-10 | 5-10 | 3-10 |
| | xiliheicsea-ós (XOS DP6) (g/100 g) | 1-5 | 1-5 | 1-5 |
| | Xiliheiptea-ós (XOS DP7) (g/100 g) | 0-7 | 2-7 | 2-6 |
| | Maltaideistrin (g/100 g)[b] | 0 | 20-25 | 0 |
| | Copar (mg/kg) | < 5,0 | | |
| | Luaidhe (mg/kg) | < 0,5 | | |
| | Arsanaic (mg/kg) | < 0,3 | | |
| | *Salmonella* (CFU[c]/25 g) | Diúltach | | |
| | *E. coli* (MPN[d]/100 g) | Diúltach | | |
| | Giosta (CFU/g) | < 10 | | |
| | Múscán (CFU/g) | < 10 | | |

[a] I measc na gcarbaihiodráití eile tá monaisiúicrídí (glúcós, xiolós agus araibionós) agus ceallaidhé-ós.
[B] Ríomhtar an cion maltaideistrine de réir an mhéid a cuireadh leis le linn an phróisis.
DP: Méid an pholaiméirithe
[c] CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta
[d] MPN: An Uimhir is Dóichí”

*IARSCRÍBHINN III*

**Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686**

I bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1686, i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh “Aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe “:

| Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais shonracha bhreise lipéadaithe | Ceanglais eile | Cosaint Sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| “**Aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe** | *Catagóir bhia shonraithe* | *Uasleibhéil* | Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é “Aonraíoch próitéine meidhg bainne” a bheidh air.<br>Forbhianna ina bhfuil aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe, beidh an ráiteas seo a leanas orthu:<br>“Níor cheart do naíonáin/leanaí/déagóirí faoi bhun aon bhliain/trí bliana/ocht mbliana d’aois (*) an forbhia seo a thomhailt”<br>(*) De réir an aoisghrúpa a bhfuil an forbhia beartaithe dó. | | Údaraithe an 20 Samhain 2018. Is ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe. Iarratasóir: Armor Protéines S.A.S., 19 bis, rue de la Libération 35460 Saint-Brice-en-Coglès, an Fhrainc. Is é Armor Protéines S.A.S. amháin atá údaraithe chun an bia núíosach aonraíoch próitéine meidhg bunata de bhainne ó bhó-ainmhithe a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh ná do na sonraí eolaíocha arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Armor Protéines S.A.S. Dáta deiridh na cosanta sonraí: 20 Samhain 2023.” |
| | Foirmlí do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 30 mg/100 g (púdar) | | | |
| | | 3,9 mg/100 mL (athdhéanta) | | | |
| | Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 30 mg/100 g (púdar) | | | |
| | | 4,2 mg/100 mL (athdhéanta) | | | |
| | Bianna ionadacha ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 300 mg/lá | | | |
| | Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 30 mg/100 g (bainne foirmle púdair do naíonáin le linn na chéad mhíonna den saol go dtí go dtabharfar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |
| | | 3,9 mg/100 mL (foirmle athdhéanta do naíonáin le linn na chéad mhíonna den saol go dtí go dtabharfar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |
| | | 30 mg/100 g (bainne foirmle púdair do naíonáin nuair a thugtar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4,2 mg/100 g (bainne foirmle athdhéanta do naíonáin nuair a thugtar beathú comhlántach iomchuí isteach) | | | |
| | | 58 mg/lá do leanaí óga | | | |
| | | 380 mg/lá do leanaí agus do dhéagóirí idir 3 bliana agus 18 mbliana d'aois | | | |
| | | 610 mg/lá do dhaoine fásta | | | |
| | Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE | 25 mg/lá do naíonáin | | | |
| | | 58 mg/lá do leanaí óga | | | |
| | | 250 mg/lá do leanaí agus do dhéagóirí idir 3 bliana agus 18 mbliana d'aois | | | |
| | | 610 mg/lá do dhaoine fásta | | | |

*IARSCRÍBHINN IV*

**Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96**

I bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/96, i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh “salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis (3’-SL) (foinse mhiocróbach)”:

| Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais shonracha bhreise lipéadaithe | Ceanglais eile | Cosaint Sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| “**Salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis (3’-SL)**<br>**(foinse mhiocróbach)** | *Catagóir bhia shonraithe* | *Uasleibhéil (arna sloinneadh mar 3’-Siailiol-lachtós)* | Is é “salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis” ainmniú an bhia núíosaigh ar lipéadú na n-earraí bia a bhfuil sé iontu.<br>Ar lipéadú forbhianna ina bhfuil salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis, beidh ráiteas ina luafar na cásanna nár cheart iad a thomhailt:<br>a) sa chás go dtomhlaítear bianna eile ina bhfuil salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis ar an lá céanna.<br>b) sa chás gur naíonáin agus leanaí óga atá á dtomhailt | | Údaraithe an 18 Feabhra 2021. Is ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe.<br>Iarratasóir: Glycom A/S, Kogle Allé 4, DK-2970 Hørsholm, an Danmhairg. Is é Glycom A/S amháin atá údaraithe chun salann sóidiam 3’-Siailiol-lachtóis a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh ná do na sonraí eolaíochta arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Glycom A/S.<br>Dáta deiridh na cosanta sonraí: 18 Feabhra 2026.” |
| | Táirgí bainne paistéartha neamhbhlaistithe agus táirgí bainne steirilithe neamhbhlaistithe (lena n-áirítear UHT) | 0,25 g/L | | | |
| | Táirgí bainnebhunaithe coipthe neamhbhlaistithe | 0,25 g/L (deochanna) | | | |
| | | 0,5 g/kg (táirgí nach deochanna iad) | | | |
| | Táirgí bainnebhunaithe coipthe blaistithe lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte | 0,25 g/L (deochanna) | | | |
| | | 2,5 g/kg (táirgí nach deochanna iad) | | | |
| | Deochanna (deochanna blaistithe, seachas deochanna ar lú ná 5 an pH iontu) | 0,25 g/L | | | |
| | Barraí gránaigh | 2,5 g/kg | | | |
| | Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,2 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,15 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |
| | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,15 g/L (deochanna) sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |
| | | 1,25 g/kg le haghaidh táirgí nach deochanna iad | | | |
| | Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a bheartaítear do leanaí óga | 0,15 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir | | | |
| | Bianna ionadacha ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | 0,5 g/L (deochanna) | | | |
| | | 5 g/kg (táirgí nach deochanna iad) | | | |
| | Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 | I gcomhréir le riachtanais chothaitheacha shonracha na ndaoine a bhfuil na táirgí beartaithe dóibh | | | |
| | Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas forbhianna do naíonán agus do leanaí óga | 0,5 g/lá | | | |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA